Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 8 Deireadh Fómhair 2019**
**(OR. en)**

**12862/19**

**ENFOPOL 434**
**JAI 1037**
**COSI 207**
**CATS 117**
**JAIEX 148**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 8 Deireadh Fómhair 2019 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 12326/19 + COR 1 |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir le mí-úsáid ghnéasach leanaí a chomhrac<br>– Conclúidí ón gComhairle (8 Deireadh Fómhair 2019) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na Conclúidí ón gComhairle maidir le mí-úsáid ghnéasach leanaí a chomhrac, a ghlac an Chomhairle ag an 3717ú cruinniú dá cuid a bhí ar siúl ar an 8 Deireadh Fómhair 2019.

**IARSCRÍBHINN**

## CONCLÚIDÍ ÓN gCOMHAIRLE

## an 8/10/2019

## maidir le mí-úsáid ghnéasach leanaí a chomhrac

1. Déanann mí-úsáid ghnéasach agus teacht i dtír gnéasach ar leanbh an oiread sin díobhála fisiciúla agus síceolaíocha d'fhéin-phearsantacht an linbh gur féidir go gcuirfidh sé isteach ar shaol íospartach go deo. Tá deiseanna nach bhfacthas riamh cheana do mhí-úsáideoirí agus do choirpigh ó thaobh leas a bhaint as an idirlíon chun ábhar mí-úsáide gnéasaí leanaí a dháileadh, a thrádáil agus a shealbhú, agus chun an t-ábhar sin a fheiceáil. Mar thoradh air sin, tá méadú suntasach ar an éileamh ar ábhair nua agus dá bhrí sin tá méadú ar an mbaol atá ann go mbeidh leanaí ar fud an domhain ina n-íospartaigh.

2. Is gnách do chiontóirí a bheith ag feidhmiú thar theorainneacha, ag baint úsáide as ardáin na meán sóisialta agus seirbhísí cumarsáide leictreonaí, chomh maith le líonraí idir piaraí, óstáil philéardhíonach, cibearthaisceadáin, fóraim thiomnaithe sa gréasán dorcha, agus 'tearmainn shábháilte' dhigiteacha eile ar a spreagtar mí-úsáid leanaí as líne chun ábhair nua 'ardluacha' a tháirgeadh agus ar a ndéantar an saghas coireachta sin a normalú. Tá sé tábhachtach aird a tharraingt, mar thosaíocht idirnáisiúnta, ar an dul sa tóir ar tháirgeoirí na n-ábhar, de dheasca déine a gcuid coireanna agus an díobháil thromchúiseach gur féidir leo a dhéanamh.

3. Baineann ciontóirí úsáid as criptiú agus teicnící eile anaithnidithe chun a gcéannacht agus a suíomh a cheilt. Baineann siad úsáid as ardáin chumarsáide a óstáiltear agus a riartar i dtíortha éagsúla chun leanaí a lorg agus a mhealladh chucu le mí-úsáid agus ábhair mhaslacha a bhaint astu, toisc go mbíonn deacrachtaí ag údaráis forfheidhmithe dlí imscrúduithe a chur chun cinn, mar gheall ar theicnící maolaithe agus córais éagsúla reachtaíochta trasna dlínsí éagsúla, go háirithe i dtríú tíortha.

4. Is minic freisin gur comhrac in aghaidh na coireachta eagraithe agus na gáinneála ar dhaoine é an comhrac i gcoinne mí-úsáid ghnéasach agus teacht i dtír gnéasach ar leanaí.

5. I bhfianaise an méid sin, agus i gcomhréir le *acquis*[1] an Aontais, athdhearbhaíonn an Chomhairle a thiomanta atá an tAontas agus na Ballstáit do chearta bunúsacha na leanaí a chosaint agus do chearta íospartaigh na coireachta a chosaint, agus do mhí-úsáid ghnéasach agus teacht i dtír gnéasach ar leanaí a chomhrac, as líne agus ar líne araon, beag beann ar shuíomh fisiciúil nó ar náisiúntacht an linbh. Is príomhthosaíochtaí polaitiúla agus oibríochtúla iad i gcónaí líon na leanaí a thagann faoi mhí-úsáid ghnéasach a laghdú agus líon na n-imscrúduithe rathúla a mhéadú.

6. Sa chreat sin, is díol sásaimh don Chomhairle an fógra maidir le Cruinniú Mullaigh Chomhghuaillíocht Dhomhanda WeProtect chun Deireadh a Chur le Teacht i dTír Gnéasach ar Leanaí, in Addis Ababa, san Aetóip ar an 11-12 Nollaig 2019 agus aithníonn sí a thábhachtaí atá an cruinniú mullaigh chun dul i gcomhairle leis na príomhgheallsealbhóirí ar an ábhar dúshlánach sin. Spreagann an Chomhairle na Ballstáit a bheith rannpháirteach sa Chruinniú Mullaigh, ar leibhéal iomchuí, chun dea-chleachtais a roinnt, agus foghlaim ó thíortha eile agus chun tíortha eile a spreagadh chun spriocanna comhroinnte Chomhghuaillíocht Dhomhanda WeProtect a ghlacadh agus a chur chun feidhme.

7. Chuige sin, meabhraítear don Chomhairle,

   a. glacadh Threoir 2011/93/AE maidir le mí-úsáid ghnéasach agus teacht i dtír gnéasach ar leanaí a chomhrac, mar aon leis an ngealltanas a thug an tAontas gona Bhallstáit chun a cuid forálacha a thrasuí go hiomlán isteach i gcórais náisiúnta. Cé go ndearnadh iarracht mhór chun an Treoir a thrasuí, léiríodh i dtuarascálacha 2016 ón gCoimisiún chuig an gComhairle agus chuig Parlaimint na hEorpa[2] go raibh gá le tuilleadh oibre chun a áirithiú go bhféadfadh leanaí tairbhe a bhaint as breisluach iomlán na Treorach. Go háirithe, de réir na dtuarascálacha, tá gá le hiarrachtaí breise fós maidir le cosc agus le forálacha substainteacha an dlí choiriúil, chomh maith le bearta cúnaimh, tacaíochta agus cosanta d'íospartaigh ar leanaí iad;

[1] Airteagal 82 agus 83 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (leagan comhdhlúite).
[2] COM/2016/0871 agus COM/2016/0872.

b. glacadh agus, i gcás inarb infheidhme, cur i bhfeidhm praiticiúil fhorálacha Treoir 2012/29/AE lena mbunaítear íoschaighdeáin maidir le cearta, tacaíocht agus cosaint íospartaigh na coireachta, atá infheidhme maidir le híospartaigh uile na coireachta uile agus ina éilítear cur chuige atá íogair do leanaí arb é is brí leis leas an íospartaigh linbh a bheith ar an bpríomhchomaoin ó thaobh na n-imeachtaí coiriúla de;

c. glacadh Threoir 2011/36/AE maidir le gáinneáil ar dhaoine a chosc agus a chomhrac agus na híospartaigh atá thíos léi a chosaint, agus glacadh an chreata beartais a théann leis, faoi shainordú cothrománach Chomhordaitheoir Frithgháinneála an Aontais

d. Clár Oibre an Aontais maidir leis an tSlándáil[3] ina liostaítear an chibearchoireacht agus a cuid iarmhairtí uile, lena n-áirítear mí-úsáid ghnéasach agus teacht i dtír gnéasach ar leanaí, mar cheann de na trí phríomhthosaíocht a bhfuil aghaidh le tabhairt orthu d'fhonn slándáil na saoránach agus luachanna an Aontais a chosaint;

e. Creat Straitéiseach agus Plean Gníomhaíochta an Aontais maidir le Cearta an Duine agus
leis an Daonlathas[4], ina n-athdhearbhaíonn an tAontas go bhfuil sé tiomanta do chearta uile an duine a chur chun cinn agus a chosaint agus, i ndáil leis sin, ina mholann sé cearta na leanaí a dhíríonn go sonrach ar leanaí a chosaint ó fhoréigean.

f. gealltanas an Aontais gona Bhallstáit an sprioc a bhaint amach chun deireadh a chur le teacht i dtír gnéasach ar leanaí mar a leagtar amach in *UN 2030 Agenda for Sustainable Development* [Clár Oibre 2030 na Náisiún Aontaithe don Fhorbairt Inbhuanaithe][5] agus in *Council of Europe Convention on protection of children against sexual abuse and exploitation* [Coinbhinsiún Chomhairle na hEorpa maidir le leanaí a chosaint ar theacht i dtír gnéasach agus ar mhí-úsáid ghnéasach][6];

---

3 COM(2015) 185 final agus na dréachtchonclúidí ón gComhairle maidir leis an Straitéis Athnuaite Slándála Inmheánaí don Aontas Eorpach 2015-2020 ST 9798/15.

4 11855/12.

5 *UN 2030 Agenda for Sustainable Development* [Clár oibre 2030 na Náisiún Aontaithe don Fhorbairt Inbhuanaithe].

6 *Council of Europe Convention on protection of children against sexual abuse and exploitation* [Coinbhinsiún Chomhairle na hEorpa maidir le leanaí a chosaint ar theacht i dtír gnéasach agus ar mhí-úsáid ghnéasach], 2007.

g. *UN Resolution of 24 May 2019 on countering child sexual abuse and exploitation online* [Rún ó na Náisiúin Aontaithe an 24 Bealtaine 2019 maidir le mí-úsáid ghnéasach agus teacht i dtír gnéasach ar leanaí ar líne][7] a chomhrac, an Coinbhinsiún um Chearta an Linbh agus *Optional Protocol to the Convention on the Rights of the Child on the sale of children, child prostitution and child pornography* [an Prótacal Roghnach a ghabhann leis an gCoinbhinsiún um Chearta an Linbh maidir le leanaí a dhíol, le striapachas leanaí agus le pornagrafaíocht leanaí][8];

h. an Prótacal chun gáinneáil ar dhaoine, go háirithe ar mhná agus ar leanaí, a chosc, a chur faoi chois agus pionós a ghearradh ina leith, ar Prótacal é lena bhforlíontar Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe in aghaidh Coireacht Eagraithe Trasnáisiúnta

i. Conclúidí 2012 ón gComhairle maidir le comhghuaillíocht dhomhanda chun mí-úsáid ghnéasach leanaí ar líne a chomhrac[9]

j. agus gur iarradh ar na Ballstáit, faoi chuimsiú na gconclúidí ón gComhairle maidir le Chur Chun Feidhme Phlean Gníomhaíochta II an Aontais maidir le Comhionannas Inscne in 2017[10], a bheith tiomanta i gcónaí do gach cineál foréigin gnéis agus inscnebhunaithe a chosc, a chomhrac agus a ionchúiseamh.

8. Iarrann an Chomhairle ar an Aontas gona Bhallstáit measúnú a dhéanamh go tréimhsiúil ar éifeachtacht na reachtaíochta maidir leis an gcomhrac i gcoinne na mí-úsáide gnéasaí agus teacht i dtír ar leanaí chun a áirithiú go bhfuil sé oiriúnach don fheidhm. Ba cheart do mheasúnuithe atá íogair ó thaobh inscne de aghaidh a thabhairt ach go háirithe ar choireanna a chosc, a imscrúdú agus a ionchúiseamh, lena n-áirítear iad siúd a dhéantar trí mhí-úsáid a bhaint as ardáin ar líne, chomh maith le cúnamh a sholáthar agus tacaíocht d'íospartaigh ar leanaí iad a chur ar fáil le linn imscrúdaithe agus ina dhiaidh, agus le bearta cosanta le linn imeachtaí coiriúla. Níor cheart, áfach, bearta a theorannú do réimse an dlí choiriúil.

9. Aithníonn an Chomhairle a thábhachtaí atá príomhshruthú inscne agus cur chuige atá idirearnálach, uileghabhálach agus cuimsitheach agus beartais agus reachtaíocht á gceapadh agus á gcur chun feidhme amach anseo i ngach réimse ábhartha chun mí-úsáid ghnéasach leanaí a chomhrac.

---

7 Na Náisiúin Aontaithe, an Chomhairle Eacnamaíoch agus Shóisialta, an Coimisiún um Choireacht a Chosc agus um Cheartas Coiriúil, *Countering child sexual exploitation and sexual abuse online* [Mí-úsáid ghnéasach agus teacht i dtír gnéasach ar leanaí ar líne], 24 Bealtaine 2019.

8 *Optional Protocol to the Convention on the Rights of the Child on the sale of children, child prostitution and child pornography* [An Prótacal Roghnach a ghabhann leis an gCoinbhinsiún um Chearta an Linbh maidir le leanaí a dhíol, le striapachas leanaí agus le pornagrafaíocht leanaí], 25 Bealtaine 2000.

9 10607/12.

10 14027/18.

10. Athdhearbhaíonn an Chomhairle a thábhachtaí atá sé go ndéanfaí beart tráthúil chun ciontóirí a bhfuil mí-úsáid ghnéasach déanta acu ar leanaí a imscrúdú agus a ionchúiseamh agus chun leanaí a tharrtháil ón díobháil leanúnach sin, agus iarrann sí ar údaráis inniúla an úsáid is forleithne is féidir a bhaint as na huirlisí agus na sásraí atá ann cheana ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais, go háirithe in Europol agus in Eurojust. Cuireann an Chomhairle chun suntais an gá atá le huirlisí iomchuí agus sonracha a bheith ann chun mí-úsáid ghnéasach leanaí ar líne a chomhrac, lena n-áirítear go bhféadfadh na húdaráis inniúla leas a bhaint as na sonraí a bailíodh le linn na n-imscrúduithe. Chuige sin, meabhraítear don Chomhairle na conclúidí ón gComhairle Ceartais agus Gnóthaí Baile an 6 agus an 7 Meitheamh 2019 ina gcuirtear i dtreis a ríthábhachtaí atá sé sonraí a choinneáil chun coireanna tromchúiseacha a imscrúdú agus a ionchúiseamh go héifeachtach. Ina theannta sin, ba cheart, le hathchóirithe reachtacha, an deis dhlíthiúil a chothabháil do scéimeanna chun sonraí a choinneáil, i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh.

11. Maidir leis sin, molann an Chomhairle do na Ballstáit modhanna nuálacha imscrúdaithe a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm chomh maith le breithniú a dhéanamh ar shainacmhainní maidir le forfheidhmiú an dlí a leithdháileadh chun mí-úsáid leanaí agus teacht i dtír gnéasach ar leanaí a chomhrac. Cuireann malartú na ndea-chleachtas i measc na mBallstát breisluach leis na tionscnaimh sin.

12. Measann an Chomhairle gur príomhghné é an tionscal, agus go háirithe ardáin ar líne, chun mí-úsáid ghnéasach agus teacht i dtír gnéasach ar leanaí a chosc agus a dhíothú, lena n-áirítear ábhar mí-úsáide gnéasaí leanaí ar líne a bhaint. D'ainneoin na n-iarrachtaí atá déanta cheana, tugann an Chomhairle dá haire go gcaithfear níos mó a dhéanamh chun dul i ngleic le dúshláin theicniúla, dhlíthiúla agus dhaonna a chuireann bac ar obair éifeachtach na n-údarás inniúil.

13. Tathantaíonn an Chomhairle ar an tionscal a áirithiú go mbeidh rochtain dhleathach ag údaráis forfheidhmithe dlí agus ag údaráis inniúla eile ar fhianaise dhigiteach, lena n-áirítear agus í criptithe nó óstáilte ar fhreastalaithe TF atá lonnaithe thar lear, gan toirmeasc a chur ar chriptiú nó é a lagú, agus lánurraim á tabhairt don phríobháideachas agus do ráthaíochtaí maidir le triail chothrom atá ag teacht leis an dlí is infheidhme. Ina theannta sin, ba cheart dlús a chur leis an gcomhar idir údaráis náisiúnta um fhorfheidhmiú an dlí, soláthraithe Idirlín, Europol agus Interpol, i gcomhréir leis an gcreat dlíthiúil is infheidhme, mar shampla, trí shásraí a cheapadh maidir le malartú criptithe faisnéise. D'fhéadfadh sé sin faireachán leanúnach a dhéanamh ar an líonra chun suíomhanna ar a bhfuil teacht i dtír gnéasach ar leanaí a shainaithint agus a bhlocáil, agus na suíomhanna sin a chur ar liostaí na suíomhanna toirmiscthe. Go háirithe, cuireann an Chomhairle i dtreis a thábhachtaí atá sé a áirithiú nach mbeidh tionchar diúltach ag forbairtí nua teicneolaíochta ar an gcumas ábhar mí-úsáide gnéasaí leanaí ar líne a bhlocáil. I ndáil leis an méid sin, tathantaíonn an Chomhairle ar an tionscal dul i dteagmháil leis na geallsealbhóirí ábhartha, de réir mar is iomchuí.

14. Tugann an Chomhairle dá haire agus is cúis imní di é an méadú as cuimse ar ábhar mí-úsáide gnéasaí leanaí ar líne le blianta anuas. Tá gá le réitigh níos fearr le tús áite a thabhairt do na tuairiscí ar chásanna de mhí-úsáid ghnéasach leanaí agus de theacht i dtír gnéasach ar leanaí ar líne a bhainistiú, d'fhonn a áirithiú go ndéanfar beart gan mhoill d'íospartaigh a tharrtháil ó mhí-úsáid leanúnach. Iarrann an Chomhairle ar sholáthraithe seirbhíse ar líne an t-ábhar a aithníodh mar ábhar mí-úsáide gnéasaí leanaí ar líne a bhaint anuas nó rochtain air a dhíchumasú a luaithe is féidir tar éis dóibh a bheith ar an eolas faoin ábhar sin. Iarrann sí ar an gCoimisiún bearta a mholadh chun aghaidh a thabhairt ar an dúshlán sin atá ag dul i méid. Cuireann an Chomhairle chun suntais freisin an ról tábhachtach atá ag an tsochaí shibhialta, go háirithe beolínte INHOPE, ó thaobh ábhar mí-úsáide gnéasaí leanaí ar líne a bhaint agus molann sí do na Ballstáit a marana a dhéanamh ar roghanna eile dá gcuid údarás chun tacú le beolínte sibhialta, go háirithe i gcásanna ina bhfuil easnamh ar an gcomhar ó na cuideachtaí.

15. Thairis sin, aithníonn an Chomhairle an gá le cur chuige ilgheallsealbhóirí a leagan amach, rud a thabharfaidh le chéile lucht tionscail, an tsochaí shibhialta, údaráis forfheidhmithe dlí agus rialtais (lena n-áirítear trí chomhpháirtíochtaí príobháideacha poiblí) chun iarrachtaí coisc a chomhordú agus chun a n-éifeachtacht a uasmhéadú. Iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún machnamh a dhéanamh ar ghníomhaíocht bhreise a dhéanamh chun tacú le tionscnaimh a bhaineann le cosc.

16. Go háirithe, is díol sásaimh don Chomhairle go bhfuil cuir chuige choisctheacha á gcur chun feidhme ag na Ballstáit, amhail grinnscrúdú cuimsitheach a dhéanamh ar gach gairmí agus saorálaí a thagann i dteagmháil le leanaí go rialta agus go díreach, cláir choisc a chruthú do chiontóirí agus feachtais oideachasúla a sheoladh i scoileanna agus don phobal ionas go ndéanfar athléimneacht fhíorúil agus saoránacht dhigiteach dhaoine óga a neartú. Iarrann an Chomhairle ar na Ballstáit leanúint den dea-chleachtas a leathnú agus a mhalartú sna réimsí sin agus iarrann sí ar an gCoimisiún leanúint de chuir chuige choisctheacha den chineál sin a chur chun cinn agus a chomhordú i measc na seirbhísí uile a bhaineann le leanaí.

17. Is díol sásaimh don Chomhairle rannpháirtíocht údaráis inniúla Bhallstáit an Aontais in iarrachtaí comhoibríocha arb é is aidhm dóibh mí-úsáid ghnéasach agus teacht i dtír gnéasach ar leanaí a chomhrac. Tathantaíonn an Chomhairle orthu leanúint dá rannpháirtíocht a dhoimhniú, lena n-áirítear i dtaca le tosaíocht EMPACT maidir le teacht i dtír gnéasach ar leanaí laistigh de Thimthriall Beartais an Aontais do choireacht thromchúiseach eagraithe, agus Tascfhórsa Europol um Shainaithint Íospartach.

18. Is díol sásaimh don Chomhairle obair mhaith Ionad Cibearchoireachta na hEorpa (EC3) in Europol chun tacú le húdaráis inniúla sna Ballstáit agus cuireann sí chun suntais an tábhacht a bhaineann le teicneolaíocht úrscothach d'imscrúduithe a bheith ar fáil. Iarrann sí ar EC3 leanúint de chúnamh a thabhairt do na Ballstáit gach cineál coiriúlachta a bhaineann le mí-úsáid ghnéasach agus teacht i dtír gnéasach ar leanaí a chosc agus a bhrath, agus chun an dáileadh ábhair mí-úsáide leanaí ar líne a chomhrac, lena n-áirítear an mhí-úsáid leanaí chianbheo.

19. Leagann an Chomhairle béim freisin ar an ról atá ag Eurojust maidir le tacú leis na húdaráis náisiúnta imscrúdaithe agus ionchúisimh d'fhonn an tsaoirse ó phionós a sheachaint maidir le mí-úsáid ghnéasach agus teacht i dtír gnéasach ar leanaí. Leagann sí béim ar a thábhachtaí atá an comhar idir Eurojust agus Europol, chomh maith leis na feabhsuithe agus na tionscnaimh atá ann i réimse an cheartais choiriúil dhigitigh.

20. Cuireann an Chomhairle i dtreis a thábhachtaí atá sé oiliúint iomchuí a chur ar fáil do ghníomhaireachtaí forfheidhmithe dlí agus d'údaráis eile chun mí-úsáid ghnéasach leanaí agus teacht i dtír gnéasach ar leanaí a chomhrac go héifeachtach, agus béim ar leith á leagan ar chosaint na n-íospartach. Is díol sásaimh don Chomhairle punann oiliúna Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Oiliúint i bhForfheidhmiú an Dlí ina leith sin.

21. Ina theannta sin, aithníonn an Chomhairle a thábhachtaí atá sé go mbeadh cur chuige domhanda comhordaithe ann chun mí-úsáid ghnéasach agus teacht i dtír gnéasach ar leanaí a chomhrac agus iarrann sí go mbeidh rannpháirtíocht láidir ann i mbealaí comhair atá ann cheana le tríú tíortha agus le príomhgheallsealbhóirí eile chun srian a chur leis na coireanna uafásacha sin.

22. Meabhraíonn an Chomhairle di an gealltanas a ghlac Airí Ceartais agus Gnóthaí Baile an Aontais páirt a ghlacadh sna spriocanna beartais agus spriocanna oibríochtúla comhroinnte atá leagtha amach i seoladh na Comhghuaillíochta Domhanda[11] agus i dtaca leis an obair atá déanta ag na tíortha sin cheana féin[12]. Tathantaíonn an Chomhairle ar údaráis inniúla na mBallstát cur lena rannpháirtíocht agus a n-úsáid ar réitigh theicniúla amhail an bunachar sonraí idirnáisiúnta maidir le teacht i dtír gnéasach ar leanaí (ICSE) ag Interpol chun imscrúduithe idirnáisiúnta a éascú, i gcomhréir lena dtiomantas faoin gComhghuaillíocht Dhomhanda. Tá an nasc leis an mbunachar sonraí idirnáisiúnta maidir le teacht i dtír gnéasach ar leanaí (ICSE) ríthábhachtach chun faisnéis a mhalartú maidir le cásanna domhanda, ach tá rannpháirtíocht íseal i gcodanna den domhan go fóill. Trí rannpháirtíocht leathan sa bhunachar sonraí, tugtar saineolas luachmhar maidir le teangacha difriúla a úsáidtear i bhfíseáin agus a chuireann gníomhaireachtaí eile isteach, agus ar an gcaoi sin cothaíonn sé cosaint níos fearr a thabhairt do leanaí ar fud an domhain.

---

11 *Declaration on the launch of the Global Alliance against child sexual abuse online* [Dearbhú maidir le seoladh na Comhghuaillíochta Domhanda i gcoinne Drochúsáid Ghnéasach Leanaí ar líne]. Cheangail an Chomhghuaillíocht Dhomhanda agus WeProtect (tionscnamh ilgheallsealbhóirí faoi stiúir na Ríochta Aontaithe chun pornagrafaíocht leanaí ar líne agus teacht i dtír ghnéasach ar leanaí ar fud an domhain a chomhrac) le chéile in 2014, chun láidreachtaí an dá thionscnamh a chur le chéile agus chun dúbailt oibre a sheachaint.

12 Tá an obair sin le fáil i dtuarascálacha 2013 agus 2015 ón gComhghuaillíocht Dhomhanda.

23. Is díol sásaimh don Chomhairle an Chomhghuaillíocht Dhomhanda WeProtect chun Deireadh a Chur le Teacht i dTír Gnéasach ar Leanaí Ar Líne mar eagraíocht dhomhanda, ilgheallsealbhóirí a thugann le chéile rialtais, údaráis forfheidhmithe dlí, údaráis bhreithiúnacha, lucht tionscail agus an tsochaí shibhialta chun éifeachtacht an chomhraic i gcoinne na gcoireanna sin ar fud an domhain a fheabhsú. Tá príomhról ag Model National Response[13], agus Global Threat Assessment[14] ó Chomhghuaillíocht Domhanda WeProtect, chun bearnaí a aithint agus chun bearta a chur in ord tosaíochta.

24. Molann an Chomhairle do na Ballstáit an comhar le tríú tíortha maidir leis an gcomhrac i gcoinne na mí-úsáide gnéasaí agus teacht i dtír ar leanaí a dhoimhniú, agus forléargas a thabhairt ar na bearta atá ann cheana chun tacú le tríú tíortha chun mí-úsáid ghnéasach agus teacht i dtír gnéasach ar leanaí a chomhrac, lena n-áirítear feiniméan na gciontóirí gnéis leanaí a bhíonn ag taisteal agus na mí-úsáide leanaí beoshruthaithe, agus iarrann sí ar an gCoimisiún forléargas a fháil ar thacaíocht leanúnach d'fhonn obair sa réimse seo amach anseo a éascú.

25. Molann an tAontas do thríú tíortha machnamh a dhéanamh ar an aontachas do Choinbhinsiún Chomhairle na hEorpa maidir le leanaí a chosaint ar theacht i dtír gnéasach agus ar mhí-úsáid ghnéasach[15], mar an príomhchreat reachtach ar an leibhéal idirnáisiúnta chun coir na mí-úsáide gnéasaí agus an teacht i dtír gnéasach ar leanaí a chomhrac agus mar mhúnla do reachtaíocht náisiúnta.

---

13 Model National Response, 2018, Comhaontas Domhanda We Protect.
14 Global Threat Assessment, 2018, Comhaontas Domhanda We Protect.
15 *Council of Europe Convention on protection of children against sexual abuse and exploitation* [Coinbhinsiún Chomhairle na hEorpa maidir le leanaí a chosaint ar theacht i dtír gnéasach agus ar mhí-úsáid ghnéasach], 2007.